

Ceacht 10

Foghlaim Ceann Teagasc Ceann agus Pléigh ceann



Aidhm an Cheachta

Fiosrú neamhspleách a úsáid chun cuidiú le daltaí eolas agus tuiscint a fhorbairt ar choincheapa faoi leith; agus chun cuidiú leo litearthacht chriticiúil a úsáid chun dearcthaí éagsúla a chíoradh



Beidh na Páistí

Ag déanamh taighde neamhspleách

Ag sainmhíniú agus ag baint céille as choincheapa faoi leith

Ag plé dearcthaí éagsúla

Ag úsáid litearthacht chriticiúil chun dearcthaí éagsúla a chíoradh



Acmhainní

Acmhainn Tacaíochta Ceachta 10
Cártaí Foghlaim Ceann Teagasc Ceann

Rochtain Idirlín do thasc taighde an dalta

Acmhainn Tacaíochta Ceachta 11
Lipéid do na Cathaoireacha Cainteacha



Am

Molta

Gníomhaíocht 1: 30 - 40 nóiméad

Gníomhaíocht 2: 30 - 40 nóiméad

Naisc leis an Chreat Foghlama don dalta

1. Ag forbairt Eolais agus Tuisceana ar Fhadhbanna Áitiúla agus Domhanda
2. Ag foghlaim Scileanna agus Luachanna chun na nithe seo a leanas a shealbhú:
 - o Smaointeoireacht Chriticiúil
 - o Litearthacht Mhothúchánach
 - o Meiteachognaíocht
 - o Meon Forbartha: Dearcthaí agus aigní
 - o Luachanna Uilíocha



Gníomhaíocht 1

- Don ghníomhaíocht seo, beidh an straitéis ‘Foghlaim Ceann Teagasc Ceann’ in úsáid
- Tabhair cárta ‘Foghlaim Ceann Teagasc Ceann’ do gach dalta (féach Acmhainn Tacaíochta Ceachta 10)
- Iarr orthu taighde a dhéanamh ar chiall an fhocail agus an chiall a scríobh síos ar an chárta
- Iarr orthu an chiall a fhoghlaim de ghlanmheabhair
- Míneigh dóibh go mbeidh siad ag teagasc focail s’acu agus ciall an fhocail don oiread daltaí agus is féidir
- Iarr ar na daltaí roinnt ina mbeirteanna
- Ba chóir dóibh na focail agus ciall na bhfocal a theagasc dá chéile
- Déan an comhartha agus iarr orthu bogadh chuig duine eile agus an focal a theagasc arís
- Ba chóir dóibh focal s’acu a theagasc don oiread daoine agus is féidir leo go dtí go bhfaigheann siad an comhartha le stopadh

Gníomhaíocht 2

- Leag amach 2 ‘Chathaoir Chainteach’ cúl le cúl in áit feiceálach sa seomra ranga. Marcáil ‘Aontaím Mar’ ar chathaoir amháin agus ‘Ní Aontaím Mar’ ar an cheann eile (féach Acmhainn Tacaíochta Ceachta 11)
- Míneigh do na daltaí go mbeidh siad ag plé ceisteanna éagsúla a bhaineann leis na focail a d’fhoghlaim siad.
- Cuir in iúl go mbeidh seans acu suí síos ar an chathaoir ‘Aontaím Mar’ nó ar an chathaoir ‘Ní Aontaím Mar’
- Míneigh go scairtfidh tú ráiteas amach. Má tá siad ina suí ar an chathaoir ‘Aontaím Mar’, caithfidh siad aontú leis an ráiteas. Má tá siad ina suí ar an chathaoir ‘Ní Aontaím Mar’, caithfidh siad easaontú leis an ráiteas.
- Míneigh go ndéanfaidh siad an cás do thuairim na cathaoireach, fiú mura chreideann siad a bhfuil a rá acu. Caithfidh siad samhlú gurb iad guth na cathaoireach iad
- Níl ach 15 soicind ag gach cathaoir lena chás a dhéanamh
- Míneigh go bhféadfaidh go mbeidh tuairimí éagsúla acu óna gcomhscoláirí ach go bhfuil sé tábhachtach go n-éistfidh siad leis na tuairimí uilig
- Abair leo go mbeidh deis acu ag deireadh na gníomhaíochta labhairt faoi chuid de na ceisteanna
- Iarr ar na daltaí teacht chuig na cathaoireacha ina mbeirteanna. Thig leat na daltaí a athrú ó ráiteas go ráiteas. Thig leis an mhúinteoir an ráiteas céanna a úsáid le cúpla péire

Ráitis Mholta

- **Tá Buachaillí agus Cailíní ar comhchéim**
- **Ba chóir do thír s’againn fáilte a chur roimh theifigh**
- **Má tá duine gan dídean, is orthu féin atá an locht**
- **Má tá neart rudaí agat, beidh tú sásta**
- **Tá sé ceart go leor a bheith ag tochailt ar lorg ola fiú má scriostar an domhan**
- **Ba cheart dúinn ár mbia féin a fhás**
- **Ba cheart níos mó cuidithe a thabhairt do thíortha bochta**

- Ba cheart do chultúir éagsúla meascadh le chéile níos mó
- Ba cheart do mhná pá níos airde a fháil ná mar a fhaigheann fir
- Is féidir le daoine óga an domhan a dhéanamh níos cothroime
- Ba cheart fáilte a chur roimh daoine atá ag teitheadh ó chogadh
- Ba cheart aird a bheith againn ar na daoine a dhéanann éadaí s'againn
- Ba cheart go mbeadh sé de cheart ag gach páiste oideachas a fháil
- Is féidir le páistí bheith ina ngníomhaithe
- Tá sé ceart go leor do thír dul chun cogaidh
- Tá sé ceart go leor do chomhlachtaí móra talamh a bhaint de thíortha níos boichte
- Ba cheart comhbhá a bheith againn do gach duine

ceisteanna spreagthacha

- Chuala muid neart smaointe/tuairimí éagsúla ó na 'Cathaoireacha Cainteacha'. Cén dóigh a sealbhaítear na tuairimí/smaointe seo?
- Cá háit a bhfoghlaímíonn muid na rudaí a chreideann muid?
- Cad é mar is féidir linn bealaí nua smaointeoireachta a fhoghlaim chun na ceisteanna seo a chíoradh?
- Cad chuige go mbeadh daoine, eagraíochtaí agus/nó na meáin ag iarraidh go gcreidfidh muid rud éigin faoi leith?
- An féidir linn foghlaim an dóigh le smaoineamh ar na ceisteanna seo ar bhealach níos tuisceanaí agus níos cineálta do gach duine?

Leid 

Thig leat iarraidh ar na daltaí iad féin a chroitheadh chun carachtar na 'gCathaoireach Caintí' a ghlanadh amach astu